# Polasaí Cláraithe/Iontrála

Bealtaine 2017

Cuirtear fáilte roimh gach páiste chuig Gaelscoil Thaobh na Coille cuma cén cúlra teanga, sóisialta nó creidimh atá acu. Bunaíodh Gaelscoil Thaobh na Coille le freastal a dhéanamh ar thuismitheoirí an cheantair a bhí ag éileamh bunoideachais Lán-Ghaeilge dá bpáistí. Tugtar tús áite sa scoil dá bhrí sin, do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge.

Aithnítear cearta tuismitheoirí a bpáistí a chlárú in a rogha scoile, ach tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille freagrach freisin as cearta phobal na scoile trí chéile, agus go háirithe cearta pháistí na scoile atá cláraithe cheana féin. Éilíonn sé seo breith chóir chothrom faoi réir ag prionsabail an dlí nádúrtha ag cur leas na bpáistí ar fad san áireamh. Ag tacú leis an scoil i gcúinsí den chineál seo, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith a leagadh síos.

**Naíonáin Shóisearacha**

Glacfar le daltaí atá ceithre bliana d'aois.

Is gá do na daltaí a bheith ceithre bliana d'aois roimh 1 Méan Fómhair na scoilbhliana sin.

Beidh foirmeacha iarratais réamh-chláraithe ar fáil ón scoil (F1)

Iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm réamh-chláraithe a líonadh agus í a sheoladh ar ais chun na scoile.

Clárófar ainm an dalta ansin ar liosta réamh-chláraithe na bliana cuí.

Ní hionann foirm réamh-chláraithe comhlánaithe agus dearbhú go mbeidh áit ar fáil sa scoil.

Agus an fhoirm réamh-chláraithe faighte seolfar litir admhála chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí, a luaithe agus is féidir, ag rá leo go bhfuil a bpáiste cláraithe ar ár liosta réamh-chláraithe don bhliain chuí agus go mbeifear i dteagmháil leo arís i bhfómhar na bliana sula mbíonn sé i gceist go dtosódh a bpáiste ar scoil. (L1)

Seolfar litir agus foirm iarratais nua, i mí Deireadh Fómhair, chuig gach duine atá ar an liosta réamh-chláraithe agus iarrfar orthu an fhoirm iarratais a líonadh agus í a sheoladh ar ais chun na scoile más spéis leo fós áit a lorg dá bpáistí sa scoil. (L2) (F2)

Déanfar scagadh ar na foirmeacha iarratais. **Tabharfar tús áite san órd seo a leanas do**:

1. Páiste atá á t(h)ógáil le Gaeilge – Is é an sainmhíniú atá ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille ar 'Páiste atá á t(h)ógáil le Gaeilge' ná páiste go mbeidh ar a laghad tuismitheoir/caomhnóir amháin ag caint trí Ghaeilge amháin leis an bpáiste (féach nóta míniúcháin ag bun an leathanaigh).
2. Deartháir nó deirfiúr le dalta atá ag freastal ar an scoil
3. Deartháir nó deirfiúr le páiste a bhí ag freastal ar an scoil, ach a d'fhág ag deireadh Rang a 6
4. Páiste le múinteoir sa scoil.
5. Páiste le tuismitheoir ar iarscoláire i nGaelscoil Thaobh na Coille iad féin.
6. An t-ord, de réir dáta, inar cláraíodh an páiste.
7. Dáta breithe an pháiste

*Nóta Míniúcháin - Páiste atá á t(h)ógáil le Gaeilge. I gcás den chineál seo, is féidir leis an mBord Bainsitíochta iarraidh ar an tuismitheoir/caomhnóir agus ar an bpáiste freastal ar chruinniú leis, nó le coiste ionadaíoch, le go mbeidh ar a chumas a bheith sásta go bhfuil an páiste á t(h)ógáil le Gaeilge de réir an sainmhíthe thuas. Beidh an Bord Bainistíochta ag súil go mbeidh leibhéal líofachta an pháiste aoisoiriúnach agus réasúnta le go mbeidh sé/sí in ann cumarsáid trí Ghaeilge a dhéanamh.*

Cásanna eiseachtiúla – I gcás an-eisceachtúil, d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta cinneadh a thógáil i leith iarratais ar áit i gGaelscoil Thaobh na Coille, nach raibh ag teacht leis an t-órd thuas. Ní dhéanfar é seo ach sa chás go bhfuil cúinsí eisceachtúil i gceist agus go mothaíonn an Bord go bhfuil leas an iarrthóra/na scoile ag braith ar an gcinneadh sin.

Déanfaidh Bord Bainistíochta na scoile cinneadh maidir leis an líon daltaí a ghlacfar sna naíonáin shóisearacha ó bhliain go bliain. Cuirfear clárúchán iomlán na scoile san áireamh agus an cinneadh seo á dhéanamh.

Déanfar na háiteanna sa scoil a thairiscint i mí na Samhna.

Iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur in iúl don scoil i scríbhinn, an bhfuil sé i gceist acu glacadh leis an áit sin. Iarrfar éarlais orthu. Clúdóidh an éarlais costas leabhar scoile agus fearas ranga an pháiste don chéad bhliain scoile. (L3)

Nuair a bhíonn na háiteanna ar fad líonta, cuirfear é seo in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí eile agus déarfar leo go bhfuil a bpáistí ar an liosta feithimh. (L4)
Cuirfear an liosta seo i dtoll le chéile agus úsáid an t-órd thuas.

Má bhíonn folúntas ann ina dhiaidh sin déanfar an áit a thairiscint don pháiste atá ag barr an liosta feithimh. (L5)

**Clárúchán i Ranganna Seachas na Naíonáin Shóisearacha**

Glacfar le páistí isteach i ranganna eile

- má tá spás sa rang
- má bhí an dalta ag freastal ar Ghaelscoil eile
- Má tá an Príomhoide, tar éis é a phle leis an gCathaoirleach, sásta go bhfuil an cumas teangeolaíochta ag an páiste.

Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile agus is leis an mBord amháin an cinneadh seo.

**Páistí le mí-chumas nó riachtanas breise speisialta oideachais**

Cuirfear iarratas ar áit sa scoil do pháistí le mí-chumas nó páistí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach. In éineacht leis an bhfoirm beidh miontuairisc ar mhí-chumas/ riachtanais oideachais an pháiste maraon le tuairisc leighis, mheasúnaithe nó síceolaíoch de réir mar a oireann. Sa chás nach bhfuil a leithéid de thuairisc ar fail, d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta a iarraidh go ndéanfaí measúnú ar an bpáiste. *Ionas go mbeidh dóthain ama ann chun riachtanais a mheas agus acmhainní a lorg, caithfear iarratas ar áit do pháiste le riachtanas speisialta a dhéanamh roimh **31 Nollaig** na bliana sula mbeidh an páiste le tosú ar scoil.* Déanfar freastal ar pháistí le riachtanais speisialta de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil don Bhord Bainistíochta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. I gcásanna eisceachtúla

amháin a dhéanfar aon scrúdú ar iarratas ar áit sa scoil do pháiste le riachtanas speisialta oideachais, a bheadh ag iarraidh aistriú ó scoil áitiúil eile.

Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla den pholasaí cláraithe ag teacht le chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh forlámhas

____________________________ Dáta 08/05/2017

Conor Mac Daid
Cathaoirleach

Gaelscoil
Thaobh na Coille
Beatha teanga í a labhairt

# Enrolment/Admissions Policy

May 2017

All children, irrespective of linguistic, social, religious background or nationality are welcome in Gaelscoil Thaobh na Coille. Gaelscoil Thaobh na Coille was founded to serve parents in the area who wished their children to be educated through the medium of Irish. In the allocation of school places preference is given therefore to children who are being brought up through Irish.

While recognising the right of parents to enrol their child in the school of their choice, the Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille must also respect the rights of the existing school community and in particular, the children already enrolled. This requires balanced judgements, which are guided by the principles of natural justice and acting in the best interest of all children. Assisting the school in such circumstances, the Board of Management reserves the right to determine the maximum number of children in each separate class.

**Junior Infants**

Pupils who are four years of age will be accepted for enrolment.
Pupils must be four years of age before September 1st of the year they start school.
Pre-enrolment application forms will be available from the school. (F1)
Parents / guardians will be asked to fill in a pre-enrolment form and return it to the school.
The child's name will be placed on our pre-enrolment list for the appropriate year.
Completion of pre-enrolment application form does not guarantee a place at the school.

Parents /Guardians will receive a letter informing them that their child's name has been placed on our pre-enrolment list of applicants for the appropriate year and that the school will be in contact with them in the Autumn of the year prior to the year their child is due to start school. (L1)

A letter and a new application form will be sent to everyone on our pre-enrolment list and parents/guardians will be asked to complete this form and return it to the school if they are still seeking a place for their child in Gaelscoil Thaobh na Coille. (L2) (F2)

The application forms are processed. **First preference will be given in the following order:**

1. a child who is brought up through Irish. The Board of Management's definition of 'a child who is brought up through Irish' is a child with whom at least one parent/guardian speaks only Irish to the child (see explanatory note below).
2. a brother or sister of an existing pupil
3. a brother or sister of a past pupil, who completed their schooling at the end of $6^{th}$ class.
4. the child of a teacher working in the school
5. a child of a past pupil of Gaelscoil Thaobh na Coille
6. the order, by date, in which children were registered
7. date of birth

*Explanatory Note – a child who is brought up through Irish – In a case such as this, the Board of Management can ask the parent/guardian and the child to attend a meeting with the Board or a sub-committee, in order to be satisfied that the child is being brought up through Irish as defined above. The Board of Management will expect the child to have an age appropriate level of oral fluency so that the child will be able to communicate with them through Irish.*

Exceptional Circumstances – In exceptional circumstances, the Board of Management reserves the right to make a decision in respect of an application for admission to Gaelscoil Thaobh na Coille , that may not strictly adhere to the above order. This will only be done in exceptional circumstances where the Board feels that the good of the child/ the school is dependent on this decision.

The Board of Management will determine the number of children to be enrolled in junior infants on a yearly basis. The school's enrolment will be taken into consideration in taking this decision.

Places will be allocated in November.

The parents / guardians are asked to confirm in writing that they wish to accept the place offered to their child. They are asked to pay a deposit to secure their child's place in the school. The deposit covers the cost of the child's schoolbooks and stationary for the first year. (L3)

When all the places have been allocated the remaining parents / guardians will be informed that their child's name may be placed on a waiting list if they so wish. (L4)
The first preference order listed above will be used in processing the waiting list.

Should a place become available after this it will be offered to the child who is first on the list. (L5)

**Enrolment in Classes other than Junior Infants**

Pupils may be enrolled in classes other than junior infants

- if there is space in the class
- if the child attended another Gaelscoil
- if the Principal is satisfied that the child is of sufficient linguistic ability.

The Board of Management shall determine whether a child is accepted into a class other than junior infants and this decision is the Board's alone.

**Children with a Disability or other Special Educational Need**

Application for enrolment of children with a disability or other educational need should be made on the standard application form and must be accompanied by a detailed report of the child's disability / educational needs, supported by medical reports, assessments and / or psychological report. Where such a report is not available the Board of Management may request that the child be assessed. *To allow for the time required to assess need and seek resources, application for enrolment for a child with special educational needs must be made before* ***December 31st*** *prior to the child starting school.* Children with special needs will be supported in accordance with the level of resources provided by the Department of Education and Science to the Board of Management. Except in exceptional circumstances, transfers of children with Special Educational needs from local schools will not be considered.

Dáta 08/05/2017

Conor Mac Daid
Cathaoirleach